Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/346

19.2.2025

# CINNEADH (CBES) 2025/346 ÓN gCOMHAIRLE

## an 18 Feabhra 2025

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1999 ([1]).

(2) Ba cheart an fhaisnéis a bhaineann le beirt a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999 a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/1999 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*.Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Feabhra 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. DOMAŃSKI

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine (IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1999/oj).

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999, faoi Roinn A ('Daoine nádúrtha'), cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 80 agus 105:

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| '80. | Alexander Valerievich OBRAZTSOV * | Александр Валерьевич ОБРАЗЦОВ<br><br>(litriú Rúisise) | Post/poist: Leas-cheann chóilíneacht phríosúnach IK-3<br><br>Dáta breithe: 1980 1990<br><br>Áit bhreithe: an Rúis<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Seoladh: Ceantar Priuralisky, Limistéar Féinrialaitheach Yamalo-Nenets, an Rúis, 629420 | Tá Alexander Valerievich Obraztsov ina leas-cheann ar chóilíneacht phríosúnach IK-3.<br><br>Sa phost sin, tá sé freagrach go díreach as na dálaí príosúnachta i gcoilíneacht phionósach IK-3. Is í coilíneacht phionósach IK-3, ar a dtugtar "Polar Wolf" de ghnáth, an áit a bhfuair Alexei Navalny, polaiteoir de chuid an fhreasúra a bhí faoi choinneáil, bás faoi chúinsí anaithnide. I measc na ndálaí príosúnachta a bhí i gcoilíneacht phionósach IK-3, bhí foréigean fisiceach, mar shampla céasadh agus coinníodh siar uisce te agus éadaí leordhóthanacha sa gheimhreadh, agus coinníodh siar cúnamh leighis agus bia agus uisce.<br><br>Dá bhrí sin, tá Alexander Valerievich Obraztsov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n-áirítear céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, coinneáil threallach, agus sárú córasach ar an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. | 22.3.2024 |

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 105. | Vladimir Sergeevich SHVEDOV* | Владимир Сергеевич ШВЕДОВ<br><br>(litriú Rúisise) | Post/poist: Ceann na Roinne Beartais Stáit i Réimse Fhorghníomhú na bPianbhreitheanna Coiriúla in Aireacht Dlí agus Cirt na Rúise<br><br>Dáta breithe: 26.10.1980<br><br>Áit bhreithe: Moscó, an Rúis<br><br>Pasuimhir: 4506085659<br><br>Uimhir aitheantais chánach: 773320017740<br><br>Náisiúntacht Rúiseach<br><br>Inscne fireann<br><br>Seoladh: Cathair Mhoscó, Cónaidhm na Rúise<br><br>Daoine aonair comhlachaithe: Vsevolod Lvovich Vukolov<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Aireacht Dlí agus Cirt na Rúise | Is oifigeach ardleibhéil de chuid na Rúise é Ilya Nikolayevich Kruglyshev. Is é Ceann na Roinne Beartais Stáit i Réimse Fhorghníomhú na bPianbhreitheanna Coiriúla in Aireacht Dlí agus Cirt na Rúise.<br><br>Sa phost sin, agus é i gceannas ar bheartas an stáit i réimse fhorghníomhú pianbhreitheanna coiriúla agus achomhairc saoránach á meas aige, bhí sé freagrach as pianbhreitheanna príosúin Alexei Navalny, polaiteoir de chuid an fhreasúra sa Rúis, a fhorghníomhú.<br><br>Dá bhrí sin, tá Vladimir Sergeevich Shvedov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n-áirítear céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, coinneáil threallach, agus as sárú córasach ar shaoirse tuairimíochta agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. | 22.3.2024’. |